

Poncaíocht

Laoighseach Ní Choistealbha

Céard is poncaíocht ann?

Is córas comhartha í an phoncaíocht, a thugann eolas faoi struchtúr na habairte. Cuidíonn an phoncaíocht leis an léitheoir an abairt a thuiscint.

Mír Poncaíochta	Úsáid	Sampla
Lánstad .	Cuireann an lánstad deireadh le habairt/ráiteas.	Bíonn mic léinn ag foghlaim san ollscoil achan lá. Taitníonn laethanta saoire le gach duine.
Camóg ,	<ul style="list-style-type: none"> • 1) sos a chur in iúl san abairt • 2) rudaí atá mar chuid de liosta a scarúint óna chéile • 3) Aidiachtaí a scaradh san abairt • N.B. Úsáidtear an chamóg chun clásal spleach nó fochlásal a cheangal le clásal neamhspleach nó príomhchlásal. 	<p>1) Sula bhfuair mé mo chuid gráid, bhí amhras orm.</p> <p>1) D'fhreastail mé ar rang inniu, ach ní raibh mé ullmhaithe.</p> <p>2) Chuaigh mé go dtí an siopa, agus cheannaigh mé bainne, úlla, cáis, milseáin, agus torthaí.</p> <p>3) Bhuail mé leis an fhear breá, tanaí, aclaí, dorcha.</p>
Idirstad :	<p>Úsáidtear idirstad chun sos nó moill a chur san abairt</p> <p>Tá phríomhúsáidí éagsúla ag an idirstad:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) Úsáidtear é chun liosta a dhéanamh 2) Úsáidtear é chun ráiteas láidir a dhéanamh 3) Féadtar idirstad a úsáid i gcásanna nuair a chuirfear 'namely' san abairt i mBéarla, nó 'is é sin' i nGaeilge. 	<p>1) Tá mé ag iarraidh na rudaí seo a leanas: bainne, siúcra, agus plúr.</p> <p>2) Tá a fhios agat céard atá le déanamh agat: cleachtadh.</p> <p>3) Is maith liom béile ar leith sa bhialann, is é sin an píotsa. Is maith liom béile ar leith sa bhialann: an píotsa.</p>
Leathstad ;	<ul style="list-style-type: none"> • 1) Úsáidtear leathstad chun dhá abairt/phríomhchlásal atá ceangailte maidir le hábhar, a nascadh le chéile 	<p>1) Chuamar amach ag siúlóid roimh nóin; bhí an lá thar a bheith álainn.</p> <p>2) Tháinig scoláirí éagsúla chuig an</p>

	<ul style="list-style-type: none">• 2) Úsáidtear leathstad chun liosta casta a chur le chéile	Chomhdháil: Alan Titley, as Ollscoil Chorcaí; Máirín Nic Eoin, Coláiste Phádraig; Lillis Ó Laoire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus Neil Comer, Ollscoil Uladh.
--	---	---